*Uimhir* 43 *de* 2004

# Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 43 *de* 2004

**ACHT NA dTITHE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2004**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Leasú ar alt 9 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002.

2. Leasú ar alt 99 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

3. Gearrtheideal agus comhlua.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989 | 1989, Uimh. 17 |
| Acht an Bhainc Ceannais, 1971 | 1971, Uimh. 24 |
| *Conveyancing Acts,* 1881 go 1911 | |
| An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 | 1976, Uimh. 27 |
| Achtanna na dTithe, 1966 go 2002 | |
| Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002 | 2002, Uimh. 9 |
| An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 | 2000, Uimh. 30 |
| Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2002 | |
| An tAcht um Chlárú Teidil, 1964 | 1964, Uimh. 16 |

*Uimhir* 43 *de* 2004

**ACHT NA dTITHE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2004**

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ I nDÁIL LE MÉIDEANNA ÁIRITHE A AISÍOC A FHÉADFAIDH TEACHT CHUN BHEITH INÍOCTHA LE hÚDARÁIS TITHÍOCHTA NÓ LE hÚDARÁIS PHLEANÁLA AR THITHE NÓ TAILTE ÁIRITHE A SHOLÁTHAIR SIAD NÓ A CHUIR SIAD AR FÁIL A DHÍOL INA DHIAIDH SIN AGUS, CHUN NA CRÍCHE SIN, DO LEASÚ ALT 9 D'ACHT NA dTITHE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2002 AGUS ALT 99 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000. [21 *Nollaig* 2004]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**Leasaítear alt 9 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3): Leasú ar alt 9 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002.

"(3A) (*a*) A luaithe is indéanta tar éis teach incheannaithe a dhíol de réir na Coda seo, déanfaidh an t-údarás tithíochta ordú lena ndéanfar méid a shonrófar san ordú sna téarmaí seo a leanas a mhuirearú ar an teach.

(*b*) Is iad na téarmaí sin gurb é a bheidh sa mhéid a mhuirearófar méid atá comhionann leis an méid (más ann) a fhéadfaidh teacht chun bheith iníoctha dá éis sin faoi fho-alt (3)(*a*) i leith an tí incheannaithe.

(*c*) Aon ordú faoi mhír (*a*), measfar gur morgáiste é arna dhéanamh trí ghníomhas de réir bhrí na *Conveyancing Acts*, 1881 go 1911 agus gur forghníomhaíodh é, an tráth a díoladh an teach incheannaithe de réir na Coda seo, i bhfabhar an údaráis tithíochta ar mhuirear den mhéid dá dtagraítear i mír (*b*).

(*d*) Dá réir sin, maidir leis an údarás tithíochta, amhail ar agus ó thráth déanta ordaithe den sórt sin i leith tí—

(i) measfar gur morgáistí de chuid an tí é chun críocha na *Conveyancing Acts,* 1881 go 1911, agus

(ii) beidh aige, i ndáil leis an muirear dá dtagraítear i mír (*c*), na cumhachtaí go léir a thugtar leis na hAchtanna sin do mhorgáistithe faoi mhorgáistí a dhéantar trí ghníomhas.

(*e*) I gcás go ndéanfaidh údarás tithíochta ordú faoi mhír (*a*), cuirfidh sé faoi deara, a luaithe is indéanta dá éis sin, go gclárófar an t-ordú i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún, de réir mar is cuí, agus is tuairisc leordhóthanach ar an méid arb ina leith a bheidh an muirear lena mbaineann an t-ordú á chlárú a lua gurb é an méid sin an méid dá dtagraítear in alt 9(3A)(*b*) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002.

(*f*) Aon ordú faoi mhír (*a*) a fhearfaidh ar theach is talamh cláraithe de réir bhrí an Achta um Chlárú Teidil, 1964 beidh sé inchláraithe mar ualach a fhearann ar an talamh sin cibé acu atá nó nach bhfuil an duine atá ainmnithe san ordú sin mar úinéir na talún cláraithe faoin Acht sin mar úinéir na talún sin.

(*g*) Aon mhuirear a bhunófar de bhua ordú faoi mhír (*a*), ní mheasfar gur morgáiste tosaíochta é chun críocha alt 22(4) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989.

(*h*) Féadfaidh údarás tithíochta, faoi réir mhír *(i)*, comhaontú a dhéanamh le sealbhóir ceadúnais faoi Acht an Bhainc Ceannais, 1971, le cumann foirgníochta nó le foras airgeadais eile go mbeidh tosaíocht ag muirear a bheartaíonn sé a chruthú le hordú faoi mhír (*a*), amhail in aghaidh morgáiste nó muirir a bheartaítear a chruthú i bhfabhar an tsealbhóra, an chumainn nó an fhorais sin, atá éagsúil leis an tosaíocht a bheadh ag an muirear thairis sin dá mba rud é nár achtaíodh an mhír seo.

(*i*) Ní fhéadfaidh údarás tithíochta comhaontú den sórt sin a dhéanamh ach amháin má mheasann sé go gcumasóidh an comhaontú don duine a mbeartaíonn sé an teach incheannaithe lena mbaineann a dhíol leis nó léi de réir na Coda seo airleacan airgid a fháil ón sealbhóir, ón gcumann nó ón bhforas dá dtagraítear i mír (*h*) d'fhonn an teach sin a cheannach ón údarás.

(*j*) Aon mhéid a thiocfaidh chun bheith iníoctha le húdarás tithíochta faoi fho-alt (3)(*a*), féadfaidh an t-údarás, gan dochar d'aon chumhacht eile chuige sin, é a ghnóthú ón duine lena mbaineann mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(*k*) D'fhonn amhras a sheachaint, ní mheasfar gur tíolacas chun críocha alt 3 den Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 ordú faoi mhír (*a*) ná muirear a eascraíonn faoi.

Leasú ar alt 99 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

**2.**—Leasaítear alt 99 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) (*a*) A luaithe is indéanta tar éis teach nó talamh a dhíol de réir fho-alt (1), déanfaidh an t-údarás pleanála ordú lena

ndéanfar méid a shonrófar san ordú sna téarmaí seo a leanas a mhuirearú ar an teach nó ar an talamh.

(*b*) Is iad na téarmaí sin gurb é a bheidh sa mhéid a mhuirearófar méid atá comhionann leis an méid (más ann) a fhéadfaidh teacht chun bheith iníoctha dá éis sin faoi fho-alt 3(*a*) i leith an tí nó na talún.

(*c*) Aon ordú faoi mhír (*a*), measfar gur morgáiste é arna dhéanamh trí ghníomhas de réir bhrí na *Conveyancing Acts*, 1881 go 1911 agus gur forghníomhaíodh é, an tráth a díoladh an teach nó an talamh de réir fho-alt (1), i bhfabhar an údaráis pleanála ar mhuirear den mhéid dá dtagraítear i mír (*b*).

(*d*) Dá réir sin, maidir leis an údarás pleanála, amhail ar agus ó thráth déanta ordaithe den sórt sin i leith tí nó talún—

(i) measfar gur morgáistí de chuid an tí nó de chuid na talún é chun críocha na *Conveyancing Acts* 1881 go 1911, agus

(ii) beidh aige, i ndáil leis an muirear dá dtagraítear i mír (*c*), na cumhachtaí go léir a thugtar leis na hAchtanna sin do mhorgáistithe faoi mhorgáistí a dhéantar trí ghníomhas.

(*e*) I gcás go ndéanfaidh údarás pleanála ordú faoi mhír (*a*), cuirfidh sé faoi deara, a luaithe is indéanta dá éis sin, go gclárófar an t-ordú i gClárlann na nGníomhas nó i gClárlann na Talún, de réir mar is cuí, agus is tuairisc leordhóthanach ar an méid arb ina leith a bheidh an muirear lena mbaineann an t-ordú á chlárú a lua gurb é an méid sin an méid dá dtagraítear in alt 99(3A)(*b*) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

(*f*) Aon ordú faoi mhír (*a*) a fhearfaidh ar theach nó ar thalamh is talamh cláraithe de réir bhrí an Achta um Chlárú Teidil, 1964 beidh sé inchláraithe mar ualach a fhearann ar an talamh sin cibé acu atá nó nach bhfuil an duine atá ainmnithe san ordú sin mar úinéir na talún cláraithe faoin Acht sin mar úinéir na talún sin.

(*g*) Aon mhuirear a bhunófar de bhua ordú faoi mhír (*a*), ní mheasfar gur morgáiste tosaíochta é chun críocha alt 22(4) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989.

(*h*) Féadfaidh údarás pleanála, faoi réir *mhír (i)*, comhaontú a dhéanamh le sealbhóir ceadúnais faoi Acht an Bhainc Ceannais, 1971, le cumann foirgníochta nó le foras airgeadais eile go mbeidh tosaíocht ag muirear a bheartaíonn sé a chruthú le hordú faoi mhír (*a*), amhail in aghaidh morgáiste nó muirir a bheartaítear a chruthú i bhfabhar an tsealbhóra, an chumainn nó an fhorais sin, atá éagsúil leis an tosaíocht a bheadh ag an muirear thairis sin dá mba rud é nár achtaíodh an mhír seo.

(*i*) Ní fhéadfaidh údarás pleanála comhaontú den sórt sin a dhéanamh ach amháin má mheasann sé go gcumasóidh

an comhaontú don duine a mbeartaítear an teach nó an talamh lena mbaineann a dhíol leis nó léi de réir fho-alt (1) airleacan airgid a fháil ón sealbhóir, ón gcumann nó ón bhforas dá dtagraítear i mír (*h*) d'fhonn an teach nó an talamh a cheannach.

(*j*) Aon mhéid a thiocfaidh chun bheith iníoctha le húdarás pleanála faoi fho-alt (3)(*a*), féadfaidh an t-údarás, gan dochar d'aon chumhacht eile chuige sin, é a ghnóthú ón duine lena mbaineann mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(*k*) D'fhonn amhras a sheachaint, ní mheasfar gur tíolacas chun críocha alt 3 den Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 ordú faoi mhír (*a*) ná muirear a eascraíonn faoi.".

Gearrtheideal agus comhlua.

**3.**—(1) Féadfar Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna na dTithe, 1966 go 2004 a ghairm d'Achtanna na dTithe, 1966 go 2002 agus den Acht seo, seachas *alt 2*, le chéile.

(3) Féadfar na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2004 a ghairm de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2002 agus d'alt 2 den Acht seo le chéile.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. 1074013. 42. 8/23. MM Packaging. (93429). Gr.30-15.

9 781399 303644